



04/04/2025



Gaeilscoil Thaobh na Coille

Níl bua gan dua



Seó Faisin 2025 Fashion Show


Ba mhaith le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille buíochas ó chroí a ghabháil le Coiste na dTuismitheoirí agus an fo-choiste speisialta (na 3 Sarah, Jenna & Adrienne) a tháinig le chéile chun an Seó Faisin a bhí ar siúl in Óstán an Talbóidigh ar an 1ú Márta a eagrú. Tuigimid an obair ollmhór a chuir gach duine isteach leis an oíche iontach seo a eagrú agus táimid thar a bheith buíoch do gach duine a thug lámh cúnta, beag nó mór, leis an Seó Faisin a chur ar siúl. Buíochas freisin le bean a'tí na hoíche, Tara Loughrey Grant. Comhgháirdeas leis na mainicíní ar fad a ghlac páirt sa seó – bhí gach duine acu ar fheabhas agus an-phroifisiúnta. D'éirigh thar barr leis an oíche agus bhí an t-atmaisféar le linn agus i ndiaidh an Seó Faisin thar cionn, a bhúiochas do na tuismitheoirí agus don lucht féachanna a tháinig amach agus a léirigh a dtacaíocht don scoil agus d'obair an Choiste.

Tuigimid go raibh go leor daoine eile a chabhraigh ar bhealach amháin nó ar bhealach eile ar an oíche, ach ba mhaith linn moladh agus buíochas ar leith a ghabháil le Sarah McGovern as an éacht a rinne sí an rud ar fad a tharraingt le chéile. Ní bheadh aon Seó Faisin ann gan í. Míle buíochas leat.

The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille would like to express its sincere gratitude to the Parents' Committee and the special sub-committee (the 3 Sarahs, Jenna & Adrienne) who came together to organise the Fashion Show which took place in the Talbot Hotel on 1st March. We appreciate the enormous amount of work that everyone put in to organising this wonderful event and would like to express our deepest gratitude to everyone who helped, in a big or a small way, to put on the Fashion Show. Thanks also to our wonderful MC for the night, Tara Loughrey Grant. Congratulations to all the models who took part in the show – they were all fabulous and so professional. The night was a huge success and the atmosphere during and after the Fashion Show was amazing thanks to the parents who came out and showed their support for the school and the Coiste.

We understand that there were many other people who helped in one way or another on the night, but we would like to give a special shout-out and thank you to Sarah McGovern for her amazing work in pulling it all together. There would be no Fashion Show without her – míle míle buíochas leat Sarah.





Naíonra Thaobh na Coille



Ba mhaith le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille comhghairdeas ó chroí a ghabháil le Mary de Buitléir as cáillíocht a bhaint amach mar mhúinteoir bunscoile agus a ceapachán i Scoil Mhuire Cois Bóthair, Cill Tiarnáin. Guímid gach rath uirthi agus í ag tabhairt faoina gairm nua. Ba mhór againn an tseirbhís dhílis a chuir sí ar fáil, do phobal Ghaelscoil Thaobh na Coille le 25 bliain anuas, le réamhscolaíocht trí mhéan na Gaeilge a chinntiú agus an ghluaiseacht ón réamhscolaíocht ar aghaidh go dtí an bhunscoil a éascú do gach páiste faoin a cúram.

Tuigimid an éiginnteacht a chúisigh an athrú seo ar chúinsí agus an scéala a fuarathas go raibh Naíonra Seomra Mary le dúnadh ag deireadh mhí an Mheithimh 2025 do thuismitheoirí páistí atá ag freastal ar Naíonra Seomra Mary faoi láthair maraon le tuistí páistí a bhí le tosú i Naíonra Mary i Meán Fómhair 2025.

Tá áthas orainn a chur in iúl daoibh go mbeidh Naíonra Thaobh na Coille, faoi bhainistíocht Denise Ní Mhurchú, ag leathnú ó Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh agus go mbeidh dhá naíonra i bhfeidhm mar bhí go dtí seo ach faoin aon bhainistíocht amháin.

Déan teagmháil le Denise Ní Mhurchú ar ríomhphost chun tuilleadh eolais a fháil nó chun áit a chur in áirithe do do pháiste don scoil bhliain 2025/2026 agus ina dhiaidh sin. Tabharfar tús áite do pháistí a bhí cláraithe roimhe seo i Naíonra Mary don scoilbhliain 2025/2026.

The Board of Management would like to sincerely congratulate Mary de Buitléir on her graduation as a primary school teacher and subsequent appointment in Our Lady of the Wayside NS, Kiltarnan. We are deeply grateful for her long-standing service in providing preschool education, as Gaeilge, to the Gaelscoil Thaobh na Coille community for the past 25 years ensuring a seamless, happy progression from preschool into school.

We appreciate the uncertainty that this change in circumstances and the news that Naíonra Seomra Mary was to close at the end of June 2025 caused for parent of children currently attending Naíonra Seomra Mary as well as parents of children due to start in September 2025.

We are delighted to inform you that Naíonra Thaobh na Coille, under the management of Denise Ní Mhurchú, will be expanding from September 2025 and that there will be two naíonraí in operation as here to fore, but under one management.

Please contact Denise Ní Mhurchú by e-mail for further information or to book a place for you child for the 2025/2026 and subsequent school years. Children who were previously enrolled in Naíonra Mary for the school year 2025/2026 will be given priority.

Máirt na hInide

Máirt na hInide nó 'Lá na bPancóga' a bhí ann ar an Mháirt 4 Márta. Chuir Coiste na dTuismitheoirí pancóga ar fáil do na daltaí sa halla arís i mbliana. Fuair gach rang deis dul síos go dtí an halla le pancóga a fháil. Míle buíochas leis na thuismitheoirí ar fad a sheol pancóga isteach chun na scoile don lá agus buíochas níos mó fós leis na thuismitheoirí agus na h-iarscoláirí a bhí ag obair sa scoil ag réiteach na pancóga ar an lá. Bhí na páistí thar a bheith sásta agus iad lán go béal agus lán d'fhuinneamh leis an siúcra ar fad a d'itheadar!

Bíonn Máirt na hInide ann an lá roimh Chéadaoin an Luathrigh, an lá deireanach den ghnáthbhia roimh throscahdh an Charghais. Fadó rinne daoine troscadh ar feadh 40 lá go dtí Domhnach Cásca. An Carghas a thugtar ar an tréimhse ama seo. Ní raibh cead acu uibheacha a ithe i rith an Charghais. Dá bhrí sin rinne siad pancóga chun iad a úsáid. Maidin Domhnach Cásca d'ith siad uibheacha arís, Uibheacha Cásca.



Shrove Tuesday

We celebrated Shrove Tuesday or 'Pancake Day' on the 4th March. The Parents' Committee organised pancakes for all the pupils in the hall again this year. Each class got a chance to go down to the hall to get pancakes. Míle buíochas to all the parents who sent pancakes into the school on the day and míle míle buíochas to the parents and pastpupils who spent most of the day in the school preparing the pancakes for the children. The children were delighted, stuffed to the gills and full of energy after all the sugar they had consumed!

Shrove Tuesday is the day preceding Ash Wednesday, the last day of normal food before fasting for Lent. Long ago people fasted for 40 days until Easter Sunday. This period is called Lent. They were not allowed to eat eggs during Lent. Therefore, they made pancakes to use up any eggs they might have in the home. Easter Sunday morning they ate eggs again and that's where the Easter Egg tradition came from.



Córfhéile 2025

Bhí Córfhéile na Scoileanna, B.Á.C. 2025, ar siúl ón 3 – 6 Márta sa Láthair Náisiúnta Chispheile i dTamhlacht.

Ceann de príomhaidhmeanna an Chórfhéile ná grá don cheol, go háirithe ceol na hÉireann, a chothú agus a fhorbairt i bpáistí. Gach bliain glacann idir ceithre agus cúig mhíle páiste páirt sa chórfhéile; meascán de chóir, bannaí ceoil agus ceoldrámaí. Leagtar béim ar rannpháirtíocht agus taitheamh seachas iomaíocht.



Ghlac Grúpa Ceoil na Scoile agus Daltaí R3A & R3B páirt sa chórfhéile i mbliana. Bhí siad ar an ardán ar an Mháirt an 4 Márta ag 7.30pm. Rinne an dá ghrúpa an-obair agus cleachtadh sna ranganna agus i rith am lóin len ullmhúchán don chórfhéile. Bhí toradh an chleachtadh agus an díogras sin le feiceáil ar an oíche nuair a chuir an dá ghrúpa sár-thaispeántas ar an ardán. Bhí idir Múinteoirí agus tuismitheoirí thar a bheith bródúil as na páistí.

Buíochas ó chroí leis na muinteoirí a d'ullmhaigh na daltaí don chórfhéile: Niamh Ní Dhúill, Eavan Ní Mhuigheasa, Sadhbh Rosenstock, Lauryn Bhreathnach, Sarah-Jane Ní Choillte, agus Jack Ó Loineacháin

Córfhéile na Scoileanna, Áth Cliath, was held from 5 – 9 March (Tuesday to Friday) in the National Basketball Arena, Tallaght. One of the principal aims of CórFhéile is to foster and develop a love of music, particularly Irish music, in children. Every year between four and five thousand children take part – a mixture of choirs, bands and musical dramas The emphasis is on children enjoying the performances of other children in a stress-free, non-competitive environment.

The Banna Ceoil Scoile and the pupils of R3A & R3B took part in the festival this year. They were on stage on Tuesday 4th March at 7.30pm. Both groups worked hard and practiced in class and during lunchtime in preparation for the music festival. The results of that diligence and hard work was evident on the night. The two groups put on fantastic performances. Both teachers and parents were extremely proud of the children.

A heartfelt thank you to the teachers who prepared the students for the córfhéile: Niamh Ní Dhúill, Eavan Ní Mhuigheasa, Sadhbh Rosenstock, Lauryn Bhreathnach, Sarah-Jane Ní Choillte, and Jack Ó Loineacháin





Cór Náisiúnta na nÓg **National Children's Choir**



40 Bliain Ar Aghaidh...Filleann an Amhránaíocht do 2025!

Tá Cór Náisiúnta na nÓg ag ceiliúradh 40 bliain i mbliana. Ar feadh trí seachtaine ón Mháirt 25 Márta ar aghaidh, beidh suas le 8,000 dalta bunscoile ag canadh clár amhrán Chór Náisiúnta na nÓg (15 amhrán san iomlán) i 22 ceolchoirm ar fud na tíre. Tá ceolchoirmeacha Réigiúnacha Bhaile Átha Cliath á réachtáil thar 8 n-oíche san Airéine Náisiúnta Cispheil i dTamhlacht.

Bhí na daltaí ó R5 agus R6 i nGaelscoil Thaobh na Coille ar stáitse Dé Máirt in éineacht le daltaí ó St Brigids GNS, Bayside NS, Paradise Place ETNS, agus Bishop Galvin NS. Oíche iontach ceoil agus amhránaíochta a bhí ann. Le tionlacan ceolfhoireann agus faoi stiúir an Stiúrthóir Ceoil Orla Gillen (iníon bunaitheoir an Chóir, an Dr Seán Creamer), chan an cór de c.500 dalta go binn, bríomhar in ard a gcinn is a ngutha. Bhíomar an-bhródúil as gach uile dhuine de na daltaí as an mbealach inar chanadar agus gur iompraíodar iad féin le linn na ceolchoirme. Tá súil agam go bhfanfaidh cuid de na hamhráin ón stór iontach, éagsúil seo leo agus iad ina ndaoine fásta.

40 Years On...The Singing Returns for 2025!

The National Children's Choir is celebrating its Ruby Anniversary this year. For three weeks from Tuesday 25th March onwards, just shy of 8,000 children will perform the National Children's choir Repertoire of 15 sings in 22 concerts all around the country. The Dublin Regional concerts are being held over 8 nights in the National Basketball Arena in Tallaght.

The pupils from R5 and R6 in Gaelscoil Thaobh na Coille were on stage on Tuesday alongside pupils from St Brigids GNS, Bayside NS, Paradise Place ETNS, and Bishop Galvin NS. It was a fantastic evening of music and song. Accompanied by the National Children's Choir orchestra and conducted by Musical Director Orla Gillen (daughter of the Choir's founder Dr Seán Creamer) the choir of c.500 children sang their hearts out.

We were so proud of each and every one of our pupils for the way in which they gave it their all, sang out and conducted themselves during the concert. Hopefully some of the songs from the wonderful and varied repertoire will remain with them into adulthood.





Taispeántas Ealaíne

Tá Taispeántas Ealaíne Náisiúnta á reáchtáil i gcomhar le ceolchoirmeacha Chór na nÓg mar chuid den chomóradh 40 bliain. Iarradh ar gach dalta a ghlac páirt i gCór na nÓg i mbliana pictiúr A3 d'amhrán ar leith a chruthú. Dáileadh 4 amhrán ón gclár amhrán ar gach scoil a bhféadfadh na daltaí rogha a dhéanamh astu agus iarradh ar scoileanna pictiúr amháin de gach ceann de na hamhráin a bhí le léiriú a sheoladh chuig an Choiste Náisiúnta. Ba iad seo a leanas na hamhráin a bhí againne: Caladonia, Mo Ghile Mear, Thankful agus Cantate Domino Alleluia. Bhí lúcháir agus bród orainn dhá shaothar ealaíne a chruthaigh daltaí ó Ghaelscoil Thaobh na Coille a fheiceáil mar chuid den taispeántas físiúil a taispeánadh le linn na ceolchoirme i dTamhlacht. Ba iad sin Cantate Comino Alleluia le Jude Holden R6A agus Mo Ghile Mear le Katie Ní Chorráin R6A.

Art Display

A National Art Display is being held in conjunction with the concerts as part of the 40th anniversary celebrations. Each participating student was asked to create an A3 picture of a particular song. Each school was allocated 4 songs from the repertoire which the pupils could choose from and schools were asked to return **one** picture representing each of our allocated songs to the National Committee. Our songs were: Caladonia, Mo Ghile Mear, Thankful and Cantate Domino Alleluia. We were thrilled and extremely proud to see two artworks created by pupils from Gaelscoil Thaobh na Coille included in the visual display that was shown during the performances in Tallaght. They were Cantate Comino Alleluia by Jude Holden R6A and Mo Ghile Mear by Katie Ní Chorráin R6A.



Cantate Domino Alleluia - Jude Holden R6A



Mo Ghile Mear - Katie Ní Chorráin R6A



Caladonia - Róisín Pléimeann R5A



Thankful Nicole de Róiste R5A

SCOIL ag DÚNADH do SHAOIRE na CÁSCA

School Closing for Easter Holidays

AOINE 11/04/2025



ATH-OSCAILT do Théarma a n tSamhraidh

School Re-opening for the Summer Term

LUAN 28/04/2025



R5A: An mbíonn tionchar ag an gcineál ola a úsáidtear ar éifeacht lampa laibhe?
Does the type of oil used affect the effectiveness of a lava lamp?

Bleait Eolaíochta 2025

Ghlac R5A agus R4B páirt sa Bhleait Eolaíochta a bhí ar siúl an mhí seo caite san RDS. Bhain an dá rang an-taitneamh as na turgnaimh ar fad a bhí ar siúl acu sna ranganna agus bhaineadar taitneamh as an ullmhúchán a bhain leis an lá chomh maith. Chuir na páistí an t-uafás iarracht isteach san obair a bhí ar bun acu agus bhaineadar an-taitneamh as an ócáid. Chuir an dá rang taispeántas iontach i láthair agus fuair eadar ard-mholadh ón mholtóir a bhí an-tógtha leis an dá thurgnaimh. Bhí an-lá go deo acu agus déanaimid comhghairdeas leis na páistí as ucht an obair dhian a rinne siad.

Science Blast 2025

Both R5A and R4B took part in this year's Science Blast in the RDS last month. Both classes thoroughly enjoyed all the experiments they did in class in preparation for their presentation.

The children put in a huge effort into the project work and they really enjoyed the whole experience. Both classes presented a very impressive visual display of their project and were highly recommended by the judges. The children really enjoyed the day. Congratulations on your achievements a pháistí!



R4B: Conas is féidir linn córas scagadh uisce a dhéanamh?
How can we make a water filtration system?



CRUINIÚ CINN BHLIANA CUMANN na dTUISMITHEOIRÍ
Parents Association AGM
CÉADAÍN 9 AIBREÁN
ZOOM 8PM





Lá Domhanda na Leabhar

Bhí Lá Domhanda na Leabhar ar siúl ar an Déardaoin an 6 Márta 2025. Tháinig na páistí ar scoil gléasta mar charactair ó leabhair atá acu sa bhaile. Mar a fheiceann sibh ó na grianghraif bhreathnaigh na páistí go hiontach. Buíochas leis na tuismitheoirí a chuidigh leo gléasadh don lá.



World Book Day 2025

World Book Day was held on Thursday, 6th March 2025. The children came to school dressed as characters from books they had at home. As you see from the photographs the children looked amazing. Míle buíochas to the parents who organised the children's costumes for the day.





Claisceadal na Céime



Bhí Comórtas Claisceadal na Céime ar siúl ar an Déardaoin 13 Márta 2025. Comórtas amhránaíochta é seo a eagraíonn Gaelscoil Thaobh na Coille do dhaltaí rang a 4 i scoileanna an cheantair. Bealach an-deas é seo le ceiliúradh & treisiú a dhéanamh ar na hamhráin traidisiúnta Gaelach agus ar an nGaeilge í féin. Cór ranga agus ní cór speisialta atá i gceist. Bíonn dhá amhrán traidisiúnta Gaeilge le canadh ag gach cór agus rannpháirtíocht seachas foirfeacht atá mar thosaíocht ag an gcomórtas seo.

Bhí aon chór déag ó sé scoil logánta páirteach sa chomórtas, Scoil Mhuire Cois Bóthair, Cill Tiarnáin; Scoil Phádraig, Gleann Cuilinn; Scoil Mhuire, Taobh na Coille; Gaelscoil Shliabh Rua; Bunscoil Oideachas le Chéile na Céime agus sin féin. Bhí sé go hiontach an oiread scoileanna a bheith páirteach i mbliana agus bhí an-mhaidin amhránaíochta againn. Ba iad daltaí rang a 4 ó Scoil Mhuire, Taobh na Coille a thug an corn abhaile leo ar an lá.

'Claisceadal na Céime' singing competition took place on Thursday 13 March 2025. This is a singing competition organised by Gaelscoil Thaobh na Coille for 4th class students in schools from the local area. This is a great way to celebrate & reinforce our traditional Irish songs and the Irish language itself. This is a class choral competition where all pupils sing. Each class has to sing two traditional Irish songs with participation rather than perfection being the aim of this competition.

Eleven classes from six local schools took part in the competition, Our Lady of the Wayside, Kilternan; St Patricks, Glencullen; St Mary's, Woodside; Gaelscoil Shliabh Rua; Stepside ETNS and ourselves. It was great to have so many schools participating this year for what was a great morning of music and song. The 4th class students from St Mary's, Woodside took home the Cup on the day.



R4A Múinteoir Míchéal Ó Mocháin

Céilí na Féile Pádraig

